# D



8 - Ullamh chun scríobh
9 - Scríbhneoireacht laethúil

# Clár


| | |
|---|---|
| Ag scríobh go hóg | 2 |
| Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta | 3-9 |
| Cumhacht an phinn luaidhe | 10 |
| Ag déanamh 'ponc-go-ponc' | 11 |
| Focail a bhaineann le scríbhneoireacht | 12 |
| Aird ar scríbhneoireacht | 13 |
| Ag úsáid 'Aird ar Scríbhneoireacht' | 14 |
| Gníomhaíochtaí laethúla scríbhneoireachta | 15 |
| Scríobh agus imirt | 16 |
| A thuilleadh scríbhneoireachta | 17 |
| Ag baint spóirt as scríbhneoireacht | 18 |




# Ag scríobh go hóg

Cuireann leanaí suim sa scríbhneoireacht ó bheith ag féachaint ar dhaoine fásta ag baint úsáide as scríbhneoireacht gach lá. Foghlaimíonn siad go mbíonn a lán cuspóirí éagsúla ag an scríbhneoireacht. Fiú agus iad ag tosnú ag scriobláil go han-óg tuigeann leanaí gur slí amháin í an scríbhneoireacht chun a gcuid smaointe a roinnt le daoine eile.

Ní mór dod leanbh forbairt a dhéanamh ar mhatáin a láimhe agus ar scileanna comhordaithe láimhe is súile chun smacht a fháil ar pheann luaidhe chun go bhféadfadh sí líníocht agus dathú. D'fhéadfá cabhrú léi na scileanna seo a fhorbairt de réir a chéile tré í a spreagadh le bheith páirteach i ngnáthimeachtaí laethúla.

Is féidir leat cabhrú le do pháiste matáin a láimhe agus scileanna láimhe is súile a fhorbairt, tré ligint di cabhrú leat sa chistin. Is féidir le páiste:

- an plúr a scagadh,
- uibheacha a bhualadh,
- fuidreamh a chorraí le spúnóg mhór,
- subh a leathadh ar arán.

D'fhéadfá, leis, leathanaigh de pháipéir agus 'uirlisí scríbhneoireachta' a chur ar fáil. Is fusa go mór do leanbh óg breith ar chrián, cailc nó scuaibeanna péinteála má bhíonn siad tiubh. Lig dóibh a bheith ag líníocht, ag scriobláil, ag rianadh nó ag dathú.

Tá pictiúirí ponc go ponc, míreanna mearaí simplí agus leabhair dhathaithe an-úsáideach chomh maith. Roghnaigh go cúramach iad, áfach. Cuirtear in iúl ar fhormhór na leabhar, míreanna mearaí, srl. cén aois dona n-oireann siad.

Ná déan dearúd moladh a thabhairt d'iarrachtaí do pháiste. Cuir a cuid pictiúirí ar taispeáint agus bí ag caint mar gheall ar a cuid iarrachtaí. Cuimhnigh ar an seanfhocal: Mol an óige agus tiocfaidh sí!

Seo cúpla smaoineamh eile:

- ag oscailt agus ag dúnadh cnaipí
- ag imirt cluichí ar nós 'beir air'
- ag imirt le gaineamh
- ag imirt cluichí 'bualadh bos'
- ag imirt le cártaí
- ag ceangailt iallacha bróige
- ag péinteáil le méaranna
- ag imirt le Legó agus le blocaí
- ag úsáid siosúr páiste
- ag múnlú agus ag tógaint le taos imeartha


# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta



1. Tosnaíonn leanaí ar scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt nuair a thosnaíonn siad ar shuim a chur i scríobh agus i líníocht. Tosnaíonn siad ag déanamh marcanna, línte agus crotanna ar an leathanach agus ag foghlaim conas breith ar chrián nó ar pheann luaidhe.

   Léiríonn **Sinéad, atá bliain d'aois,** an tsuim atá aici sa scríbhneoireacht go hóg, tré chrián a phiocadh suas go fonnmhar agus é a láimhseáil go cleachtaithe, agus línte dearfa a dhéanamh ar an leathanach.


# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta



2. Léiríonn páistí go dtuigeann siad an difríocht idir líníocht agus scríobh nuair a dhéanann siad saghasanna difriúla marcanna do líníocht seachas do litreacha agus focail. B'fhéidir go dtosnódh sé seo mar línte scrioblála ach de réir a chéile tosnaíonn patrúin aitheanta ar nós ciorcal ag teacht chucu.

Léiríonn **Liúsaí, 2 bhliain agus 9 mí**, fianaise go bhfuil patrúin chinnte agus cuspóir ag teacht ina cuid scríbhneoireachta go hóg. Tarraingíonn sí pictiúr dá máthair agus dá hathair, mar a gcuireann sí go leor mionsonraí isteach, ar nós malaí, féasóg, pollairí sróine. Os cionn gach figiúr acu, scríobhann sí 'Mamaí' agus 'Daidí' le scriobláil speisialta a leanann patrún athdhéanta.


# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta



3. Ag an gcéim seo is féidir le páistí litreacha a dhéanamh tré chóipeáil nó poncanna a rianadh. B'fhéidir go bhfuil suim acu triail a bhaint as saghasanna éagsúla scríbhneoireachta. Mar shampla, b'fhéidir go gcóipeálfaidís píosaí de chomharthaí nó de phóstaeirí.

Tá fócas ag **Fionn, atá 4 bliana agus 4 mhí**, ar fhoirmiú litreacha. Tá fonn air a ainm a scríobh. Iarrann sé ar a mhúinteoir é a scríobh chun gur féidir leis na litreacha a chóipeáil.

# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta




4. Is féidir le páistí roinnt litreacha a fhoirmiú leo féin, mar shampla, a n-ainmneacha nó liosta litreacha. Bíonn leanaí fós ag baint triail as ana-chuid rudaí ag an gcéim seo, agus d'fhéadfadh gur cuid ana-thábhachtach dá gcuid oibre é an maisiúchán.

   Tá fonn ar **Emma, 3 bliana agus 6 mhí**, a cumas a léiriú tré thriail a bhaint as focail a scríobh. Níl a pictiúr chomh tábhachtach di is atá an teachtaireacht. Thosnaigh sí leis na focail is féidir léi a scríobh léi féin. Tosnaíonn sí lena hainm agus ansan 'FBI', agus leanann sí ag cóipeáil ainmneacha a clainne agus a rogha clár teilifíse, 'Barney'.


# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta



5. Tuigeann páistí go gcaithfidh siad focail a scríobh chun brí a gcuid teachtaireachtaí a chur i dtuiscint. Cuirfidh páistí ceist go minic ag an aois seo ar dhaoine fásta a gcuid scríbhneoireachta a léamh.

   Tugann **Cáit, 5 bliana agus 6 mhí**, teachtaireacht shoiléir agus cuireann sí síos ar a pictiúr i mBéarla: 'Tá puball agam agus fásaim bláthanna'. Tá sí ag céim ag a dtosnaíonn sí ag litriú, agus léiríonn sí roinnt eolais ar ghutaí agus ar chonsain. Léiríonn sí, leis, go bhfuil sí tar éis a fhoghlaim go dtéann an scríobh ó chlé go deas agus go dtagtar thar n-ais go tosach an líne arís don gcéad líne eile.


# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta




6. Tosnaíonn leanaí ag scríobh i slí atá níos fusa le tuiscint. Litreoidh siad le fuaimeanna tosnaithe agus críochnaithe, ach ní dócha go mbeidh gutaí acu. Seans go mbeidh roinnt litriú simplí ceart acu, ar nós 'cat', 'I', 'the', le scríobh in abairtí. B'fhéidir go dtosnóidh siad ag fágaint spásanna idir fhocail.

   Léiríonn **Caoimhe, 6 bliana agus 6 mhí**, fianaise mhaith go bhfuil go leor eolais aici i dtaobh litrithe, gramadaí agus poncaíochta. Cloíonn sí, áfach, ina cuid scríbhneoireachta, leis na focail shimplí go bhfuil sí cinnte gur féidir léi iad a litriú. Tá líne shoiléir abairtí scríte aici le ceannlitreacha ag tosach gach ceann acu.

# Samplaí de luathiarrachtaí scríbhneoireachta




7. Fén am seo, is féidir le páistí 'téacs' a scríobh. Tá siad tosnaithe ar shraith smaointe a chur le chéile a dhéanann ciall. Tá siad tosnaithe ar lánstadanna a úsáid, nó focail ar nós 'and', 'out', a úsáid chun breis struchtúir a thabhairt dá gcuid scríbhneoireachta. Cé nach ábhar mór buartha an litriú fós ag an aois seo, tá fianaise ann go bhfuil páistí ag tosnú ar rialacha litrithe a dhéanamh amach dóibh féin le fuaimniú na bhfocal.

   **Cillian, 6 bl. 7mí.** - tá sé ábalta 'téacs' a scríobh. Tá abairtí iomlána ina chuid scríbhneoireachta le lánstadanna agus ceannlitreacha. Tá an t-ord ceart ar a chuid abairtí agus tá ciall ag baint leo. Léiríonn sé go bhfuil smacht maith aige ar scileanna litrithe.

# Cumhacht an phinn luaidhe

Is féidir leat cabhrú le do pháiste ullmhú le litreacha a scríobh tré thosnú ag cóipeáil agus ag tarraingt patrúin. Cabhraíonn tarraingt patrúin le forbairt a dhéanamh ar chomhordú idir lámh is súil, rud a theastaíonn chun litreacha a fhoirmiú. Cabhróidh ceangailt línte ó chlé go deas leis teacht i dtaithí ar an gcleachtas go léimíd ó chlé go deas.

Tarraing patrúin chun gur féidir le do pháiste iad a chóipeáil agus lig dó sin patrúin a tharraingt chun go gcóipeálfása iadsan chomh maith. Ná bí ag súil go mbeidh do pháiste ábalta patrún a chóipeáil go cruinn. B'fhéidir nach mbeadh ann ach scriobláil ar dtúis. Seo é go díreach mar a thosnaíonn daoine ag scríobh.

Seo roinnt smaointe eile chun patrúin a dhéanamh:

- Déan fráma patrúin timpeall ar phictiúr.
- Imir cluichí 'ceangailt le chéile'. Tarraing dhá rud, mar shampla, cat agus luch, agus iarr ar do pháiste iad a cheangailt le chéile.
- Tarraing pictiúr le líne nó ciorcal fágtha amach. Iarr ar do pháiste an líne atá in easnamh a líonadh isteach. Mar shampla, tarraing cupán gan chluais.
- Déan lúbraí simplí agus ponc-go-ponc.
- Imir 'tabhair an líne ar siúl'.
- Cuir coirníní ar théad.
- Déan slabhraí de pháipéar daite.
- Tarraing patrúin sa ghaineamh.
- Tabhair spreagadh don pháiste gach sórt dathaithe agus líníochta a dhéanamh go minic.


# Ag déanamh 'ponc-go-ponc'

**Teastóidh:**


- leabhar dathaithe, cairtchlár (bosca gránbhairr), siosúr, marcóirí agus páipéar.

Cóipeáil nó rianaigh líníocht shimplí ó leabhar dathaithe ar chairtchlár. Gearr amach é chun stionsal a dhéanamh.

Cuir do stionsal i lár an leathanaigh. Líon isteach mionsonraí ar dtúis agus sonraí cúlra chun tuairim a thabhairt dod pháiste mar gheall ar an bpictiúr. Ansin déan do phonc-go-ponc ar cheann de thrí shlí:




Rianaigh an pictiúr i línte briste chun gur féidir le do pháiste iad a cheangailt.



1

Rianaigh an pictiúr i bponcanna chun gur féidir le do pháiste iad a cheangailt.



2

Rianaigh cúpla líne chun tuairim den bpictiúr a thabhairt. Ansin, agus tú ag obair ó chlé go deas, déan poncanna agus cuir uimhreacha orthu chun gur féidir le do pháiste iad a cheangailt.




3

# Focail a bhaineann le scríbhneoireacht

An bhfuil cuid de na focail seo ar eolas ag do pháiste?

- aibítir
- fan idir na línte
- cóipeáil
- litreacha móra
- peann luaidhe
- scríobh sna cearnóga
- línte
- clé go deas
- rubar
- ceannlitreacha
- cló
- litreacha beaga
- fág spás
- lánstad
- comhartha ceiste
- fág líne
- rialóir
- spás
- téir go dtí an chéad líne eile
- imlínte

# Aird ar scríbhneoireacht




Ainm

Aois

Déan fótacóip de réir mar is gá do gach leanbh

# Ag úsáid 'Aird ar scríbhneoireacht'

An féidir leat cuid de na scileanna scríbhneoireachta atá luaite in **Aird ar scríbhneoireacht** a aithint le do pháiste?

An féidir leat a rá cathain agus cén áit a thug tú fé ndeara do pháiste i mbun scríbhneoireachta?

An féidir leat cuid de na cúiseanna a thabhairt go raibh do pháiste ag scríobh?

Cad eile a d'fhéadfá a dhéanamh chun do pháiste a spreagadh chun na scileanna atá riachtanach don scríbhneoireacht a fhorbairt?

# Gníomhaíochtaí laethúla scríbhneoireachta

Tiocfaidh suim ag do pháiste i bhfoghlaim conas scríobh mar bíonn sí ag féachaint ortsa agus ar dhaoine eile sa mbaile ag baint úsáide as scríobh ar mhórán cúiseanna. Seo chugat roinnt smaointe a chuirfeadh do pháiste san áireamh i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta sa mbaile. Fiú muna bhfuil sí ullamh chun peann a chur ar pháipéar, bainfidh sí taitneamh as a bheith ag caint leat agus ag féachaint ort i mbun do ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta.

| | |
|---|---|
| Déan liostaí | liosta siopadóireachta, rudaí le déanamh, rudaí don Nollaig, cuirí cóisire, rudaí le tabhairt ar thuras, rudaí le déanamh nuair a thagann Nain ar cuairt. |
| Tóg teachtaireachtaí | teachtaireachtaí ón bhfón, ó dhaoine a thagann chun an tí, treoracha cócaireachta. |
| Sínigh cártaí | cártaí Nollag, cártaí lae breithe, cártaí do Lá Vailintín, cártaí buíochais. |
| Scríobh litreacha | chuig baill teaghlaigh, seantuismitheoirí, aintíní, uncailí, col ceathracha agus cairde. |
| Déan lipéidí a dhearadh | do rudaí pearsanta ar nós leabhair, bréagán, trealamh spóirt, do dhoirse agus seilfeanna. |
| Déan amach biachlár | do bhéile saoire nó do lá breithe. |
| Scríobh ar phictiúirí | cuir teideal leis, scríobh comhrá beag, sínigh an pictiúr. |

Do chuidse smaointe:

# Scríobh agus imirt

**Siopa:**

- Mar thosach, bailigh boscaí folmha bia ar nós boscaí gránbhairr bhricfeasta, paicéidí folmha brioscaí, boscaí uibhe, nó buidéil lacht níocháin.
- Cabhraigh le do pháiste lipéidí praghais a scríobh orthu.
- Úsáid airgead bréige, nó déan do chuid féin.
- Cuir peann luaidhe agus páipéar ar fáil chun liosta siopadóireachta a scríobh.
- Úsáid bosca bróg mar 'airgeadán'.
- Déan comhartha don siopa.

**Bialann:**

- Lig dod pháiste an bord a chóiriú.
- Déan amach biachlár simplí le pictiúirí a ghabhann leis an mbia.
- Bíodh leabhar nótaí beag agat chun ordaithe a thógaint.
- Úsáid airgead bréige, nó déan do chuid féin.
- Úsáid bosca bróg mar 'airgeadán'.

**Scoil:**

- Faigh clár dubh, nó píosa mór páipéir gur féidir é a cheangailt den bhfalla.
- Bailigh roinnt cailce, pinn luaidhe, leabhair nótaí beaga nó cóipleabhair, agus leabhair scéalaíochta.
- Úsáid boscaí móra folmha cairtchláir mar bhinsí.
- Mol dod leanbh a seomra ranga a mhaisiú le litreacha, uimhreacha nó pictiúirí.

**Tigh:**

- Cabhraigh le do pháiste puball a dhéanamh le blaincéad nó braillín a chur thar chathaoireacha chun tigín bréige a dhéanamh.
- D'fhéadfadh an tigín a bheith aici di féin, dá bábóga, nó dá hainmhithe bréige.
- Cuir páipéar, criáin nó marcóirí ar fáil di chun gur féidir léi comhartha daite a dhéanamh dá tigín.

Do chuidse smaointe:

# A thuilleadh scríbhneoireachta

Tosnaigh leabhar gearrthóg de scríbhneoireacht, pictiúirí agus cártaí do pháiste.

Iarr ar do pháiste pictiúirí a tharraingt do scéal agus greamaigh iad seo isteach i leabhar gearrthóg nó i leabhar nótaí. Ansan, d'fhéadfadh sibh an téacs a scríobh le chéile.

Tabhair cailc dod pháiste chun scríobh ar an gcosán. Múin di conas clár bacóide a dhéanamh. Glanfaidh an fhearthainn arís é.

Nuair a chuireann tú réimse leathan deiseanna scríbhneoireachta ar fáil dod pháiste:

- cabhraíonn tú léi muinín a bheith aici as a cumas scríbhneoireachta;
- ullmhaíonn tú do thascanna scríbhneoireachta ar scoil í;
- cabhraíonn tú léi cuspóir a chur sa scríbhneoireacht;
- cabhraíonn tú léi a bhraith go bhfuil sí san áireamh sa chlann agus sa phobal níos leithne.

Do chuidse smaointe:

# Ag baint spóirt as scríbhneoireacht

Roghnaigh ar a laghad ceann de na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta le triail a bhaint astu sa mbaile:

- Déan rud éigin ag baint úsáide as trealamh an scríbhneora.
- Áirigh do pháiste i ngníomhaíocht scríbhneoireachta laethúil.
- Imir siopa/scoil/bialann/tigh.


Cén ghníomhaíocht a roghnaigh tú?

Ar bhain caint agus éisteacht, léamh nó uimhreacha leis an gcluiche seo?

Cad a thaitin le do pháiste mar gheall ar an ngníomhaíocht seo?

An raibh baill eile den teaghlach nó cairde páirteach? Cad a dheineadar?

Cad is dóigh leat a d'fhoghlaim do pháiste i dtaobh na gníomhaíochta seo?



## Canúint na Mumhan

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science